**From:** brian.oshea@oireachtas.ie
**Sent:** 18 March 2010 15:30
**To:** info@pilibbarun.com
**Subject:** Re:Gaelscoil Philib Barún

An t-Uasal Daithí De Paor
Phriímhoide
Gaelscoil Philib Barún
An Trá Mhór
Co Phortláirge

Daithí, a chara,

Fuair mé an freagra seo cúpla noiméad ó shoin. Tá brón orm go raibh sé déanach.

Is mise le meas.

BRIAN Ó SÉ T.D.

**Uimhir:298**

**Ceist Pharlaiminte**

**Chun an Aire Oideachais agus Eolaíoctha**
**To the Minister for Education and Science**

Chun a fhiafraí den Aire Oideachais agus Eolaíochta cathain a chuirfear iarratas Ghaelscoil Philib Barún ar mhaoiniú d'fhoirgneamh buan ar aghaidh i gcomhair chéim na hailtireachta (sonraí iniata); agus an ndéanfaidh sé ráiteas ina thaobh.
- Brian O'Shea.

Correspondence/Details attached. Litir ón bPríomhoide, Cóip (dhá leathanach) ó Chathaoirleach an Bhoird

*** For WRITTEN answer on Wednesday, 10th March, 2010. Reference Number: 11770/10**

**Freagra**

**Minister Batt O'Keeffe**

De bharr gníomhaíochta tionsclaíthí ag cuid den fhoireann sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, níl ar mo chumas sonraí iomlána a thabhairt faoin dtionscadal atá beartaithe don scoil dá dtagraíonn an Teachta.

Mar is eol gan dabht don Teachta, áfach, machnófar cur chun cinn na dtionscadal ar scála mór go léir, an tionscadal i gceist anseo san áireamh, ó chéim an dearaidh tosaigh go dtí an tógáil san áireamh, i gcomhthéacs an chláir tógala agus nuachóirithe scoileanna. I bhfianaise an leibhéal éilimh ar bhuiséad caipitil na Roinne, áfach, ní féidir scála ama táscach do chur chun cinn an tionscadail a thabhairt ag an dtráth seo.